Clár Ábhair

- Treoirlínte réigiúnacha pleanála do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 3
- Clár Oibre do Bhaile Átha Cliath - seoladh 4
- Straitéis Náisiúnta Drugaí - Aighneacht 5
- Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide i réigiún Bhaile Átha Cliath . . . 6
- Dearbhú Rúin Bhaile Átha Cliath - Merseyside. 7
- Tionscadal Chill Fhionntain go Cuas an Ghainimh (S2S). 8
- Oifig Réigiún na hÉireann 8
- Bunreacht an AE 9
- Toscaireacht Éireannach de Choiste na Réigiún. 11
- Ballraíocht de Údarás Reigiúnda Átha Cliath 14
- Comhdhálacha ar a Freastalaíodh 2004. 15
- Ráiteas Airgeadais 2004 16

Is í aidhm na dTreoirlínte Réigiúnacha Pleanála ná creat oibre pleanála straitéiseach fadtéarmach a sholáthar don fhorbairt de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath do thréimhse 12 bliain. Cé go bhfuil na Treoirlínte seo leagtha amach i gcomhthéacs 12 bliain, déanfar athbhreithniú orthu tar éis 6 bliain.

Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála do MhórCheantar Bhaile Átha Cliath 2004-2016

Tá a lán leasanna tugtha isteach ag an bhfás eacnamaíoch gan réamhshampla sa tír le blianta beaga anuas i dtéarmaí fáis fhostaíochta agus caighdeáin mhaireachtála níos airde. Tá méadú mór i bhforbairt fhisiceach feicthe freisin ag blianta an 'Tíogair Ceilteach', atá riachtanach chun an fás eacnamaíoch seo a chothabháil. Tá brú méadaithe ar ár acmhainní, an timpeallacht agus ar an mbonneagar, seirbhísí agus áiseanna, áfach, go háirithe i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, toisc luas agus méid an fháis seo.

Is í aidhm na **Straitéise Spásúil Náisiúnta** (SSN) a seoladh i Samhain 2002 ná an caighdeán maireachtála de gach saoránach a fheabhsú, ag tabhairt poist níos cóngaraí dár áiteanna cónaithe, ag feabhsú ár dtimpeallacht agus ag tógáil todhchaí eacnamaíoch láidir inchothaithe dúinn féin agus dár leanaí. Leagann an SSN creat oibre amach atá deartha chun comhardú níos fearr de fhorbairt shóisialta, eacnamaíoch agus fhisiceach agus fhás daonra ar fud na tíre a ghnóthú.

Chun feidhm Reigiúnda a thabhairt don SSN, d'ullmhaíodh **Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála** (TRP) agus d'fhoilsigh an t-ocht nÚdarás Réigiúnda sa tír iad le Baile Átha Cliath agus Réigiún an Mheán-Oirthir ag teacht le chéile chun Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála a déanamh do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2004–2016. Ag cur leis an taithí faighte ó na **Treoirlínte Pleanála Straitéiseacha (1999)**, imlíníonn an straitéis atá leagtha amach sna TRP cúrsa don fhorbairt fhisiceach, eacnamaíoch agus shóisialta don réigiún suas go dtí an bhliain 2016. Sainmhíneoidh agus inseoidh na TRP do pholasaí pleanála i ngach ceann de na seacht nÚdarás Pleanála i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, chomh le hinsint do Ranna Rialtais agus Chomhlachtaí Stáit faoin gcionroinnt d'acmhainní poiblí sa todhchaí.

Thug **rannpháirtíocht** uathúil de Údaráis Réigiúnda, Comhairlí Contaetha, Ranna Rialtais, Comhlachtaí Stáit agus raon leathan de chomhlachtaí leasmhara, dhá phróiseas comhairlithe poiblí forleathana san áireamh, eolas don ullmhú de na Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, a fhoilsíodh ar 8ú Meitheamh, 2004.. Tá anailís chuimsitheach sna Treoirlínte agus sa Tuarascáil Réigiúnach de chomhdhéanamh Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath sa lá atá inniu ann, na fadhbanna, na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann leis, agus an fhís chomhaontaithe dá fhorbairt sa todhchaí. Tá an próiseas SSN tugtha isteach ina phas feidhmithe ag an bhfoilseachán seo.

Is í **aidhm** na dTreoirlínte Réigiúnacha Pleanála ná creat oibre pleanála straitéiseach fadtéarmach a sholáthar don fhorbairt de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath do thréimhse 12 bliain. Cé go bhfuil na Treoirlínte seo leagtha amach i gcomhthéacs 12 bliain, déanfar athbhreithniú orthu tar éis 6 bliain.

Tá Cuid A agus Cuid B sa tuarascáil TRP foilsithe Leagann **Cuid A** de na Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála cúlra agus na claontaí reatha maidir leis na Treoirlínte Pleanála Straitéiseacha agus an Straitéis Spásúil Náisiúnta amach. Déanann sé cur síos ar an stádas reatha (agus cúlra do na Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála) i dtéarmaí na gcomhthéacsanna polasaí idirnáisiúnta, réigiúnda agus áitiúla. Díríonn sé ar chúrsaí d'iomlán an Réigiúin lena mbaineann na treoirlínte de réir na bprionsabal de phleanáil cheart agus fhorbairt inchothaithe mar atá léirithe in Alt 23 (2) den Acht Pleanála agus Forbartha, 2000. Is é seo an bunús agus pointe tosaithe do Chuid B.

Soláthraíonn na Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála **Cuid B** atá sa cháipéis creat oibre pleanála urrúnta inchothaithe do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath laistigh de chomhthéacs an Achta Pleanála agus Forbartha, 2000 agus an Straitéis Spásúil Náisiúnta 2002-2020. Soláthraíonn sé creat oibre pleanála straitéiseach fadtéarmach don fhorbairt de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath sa tréimhse 12 bliain suas go dtí 2016 laistigh de fhís an SSN do 2020. Tá na Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála cruthaithe agus ullmhaithe ní amháin le meas ar mholtaí an SSN do Réigiún Bhaile Átha Cliath agus Réigiún an Mheán-Oirthir (Mórcheantar Bhaile Átha Cliath), ach freisin, agus go tábhachtach, ar na réigiúin mórthimpeall Mórcheantar BÁC.
Caithfidh sé a bheith soiléir go bhfuil Cuid B de na Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath le bheith léite i gcónasc le Cuid A.

Is féidir cóipeanna de na Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2004-2016 a fháil trí dul i dteagmháil le hÚdarás Reigúnda Átha Cliath, ar chostas €40.00 an chóip, nó trí logáil isteach ar Shuíomh Gréasáin na dTreoirlínte Réigiúnacha Pleanála (www.rpg.ie) agus an tuarascáil a íoslódáil.

Clár Oibre Do Bhaile Átha Cliath – Seoladh

Sheol an Seanadóir David Norris tuarascáil mór dar teideal CLÁR OIBRE DO BHAILE ÁTHA CLIATH ar an 19ú Deireadh Fómhair 2004 in Ostán Gresham, Baile Átha Cliath. Bhí an cháipéis seo, a leagann amach na príomh cheisteanna in aghaidh Réigiún Bhaile Átha Cliath sa 21ú aois, tarraingthe suas ag Údarás Reigiúnda Átha Cliath i gcomhluadar le Comhaontú Fostaíochta Bhaile Átha Cliath agus i gcomhairle le príomh Ranna Rialtais, páirtithe polaitiúla agus gníomhaireachtaí forbartha.

Aithníonn an CLÁR OIBRE seo na moltaí chun na dúshláin de chuimsitheacht agus fhorbairt inchothaithe i Réigiún Bhaile Átha Cliath a chomhlíonadh, leis an gcuspóir de fhrithbheartú a dhéanamh ar éagothroim leantacha agus cur le seasamh an réigiúin i suíomh atá ag eirí níos coimpléascaí agus níos dúshlánaí ar leibhéal idirnáisiúnta. Cuireann sé béim ar an ngá atá ann do fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta leantach inchothaithe laistigh de réigiún Bhaile Átha Cliath, ag cloí lena ról mar Bhealach Isteach Phríomhchathrach agus Domhanda.

Ag labhairt ag an seoladh, shainigh an aoi chainteoir an tUasal. Jim Power, Príomh Gheilleagraí, Friends First Group *"The danger with the National Spatial Strategy and other government policies is that the rest of the country will be developed at the expense of Dublin. That would be a mistake, as a vibrant economy needs a vibrant capital city. You cannot have one without the other."* Áiríonn a dhúil don chathair agus don réigiún – cur chuige ceart ar phleanáil spásúil le dlúth ard agus lóistín d'ard-chaighdeán; córas iompair phoiblí comhtháthaithe agus éifeachtach áit a mbeidh an ró-iontaoibh ar ghluaisteáin laghdaithe go suntasach, geilleagar le deiseanna fostaíochta ard-cháilíochta, le seirbhísí, táirgeadh agus gníomhaíochtaí ard-theic-neolaíochta; réigiún ina n-éiríonn turasóireacht ard-cháilíochta mar phríomh imreoir sa gheilleagar áitiúil. Shainigh an tUasal Power freisin *"If Dublin is to develop into the city to which I think we all should aspire, the various agencies with responsibility should behave in a more mature manner, particularly in relation to planning issues"*. Chríochnaigh sé le *"It is only if the various agencies work together that Dublin will be in a position to offer a 'welcoming committee' to tourists and potential investors. The choices are very clear at this point and Dublin now needs to be put on the national agenda. This report should be the beginning of the process."*

San áireamh mar aoi chainteoirí eile ag an seoladh bhí an tUasal. Chris O'Malley, Feidhmeannach Forbartha Straitéiseach, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a rinne cur síos ar an ábhar de mhogaill tionsclaíocha eolais-aoise i dtodhchaí Bhaile Átha Cliath, agus an tOllamh Loughlin Kealy, Ceannaire na Scoile Ailtireachta, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath a labhair mar gheall ar bhainistíocht cheart ar chathair cheannchathracha.

Members of the Dublin Regional Authority at the launch of 'Agenda for Dublin'.

Pictured at the Launch of 'Agenda for Dublin' is Senator David Norris (who officially launched the Report), Councillor Stanley Laing, Cathaoirleach of the Dublin Regional Authority and Ms. Anna Lee, Chair of the Dublin Employment Pact.

Members of the Dublin Regional Authority at the launch of 'Agenda for Dublin'.

An Chéad Chéim Eile

Ag leanúint ón seoladh den cháipéis tá Údarás Réigiúnda Átha Cliath agus Comhaontú Fostaíochta Bhaile Átha Cliath tosaithe ag féachaint ar na moltaí go rianúil mar atá leagtha amach sa cháipéis 'Clár Oibre do Bhaile Átha Cliath'.
Is féidir cóipeanna den cháipéis 'Clár Oibre do Bhaile Átha Cliath' a fháil trí dul i dteagmháil le hÚdarás Réigiúnda Átha Cliath, nó trí logáil isteach ar an suíomh gréasáin (www.dra.ie).

An Straitéis Náisiúnta Drugaí – Aighneacht

D'fhoilsigh an tAire Stáit ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, an tUasal Noel Ahern, Páipéar Comhairlithe ag iarraidh aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara don Athbhreithniú Meántéarma den Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008. Chuir Údarás Réigúnda Átha Cliath moltaí dá bhaill isteach i gcóir gníomh todhchaíochta le bheith measta mar chuid den Athbhreithniú seo, tar éis ábhair an Pháipéir Comhairlithe ag an Aire Ahern a phlé.

Laistigh den Aighneacht rinne Údarás Réigúnda Átha Cliath roinnt mholtaí, iad seo a leanas san áireamh:

1. Ba chóir go mbeadh cnuasach sainiúil agus speisialta d'acmhainní agus pholasaithe ag réigiún Bhaile Átha Cliath, mar Réigiún Phríomhchathrach na hÉireann, laistigh den Straitéis Náisiúnta Drugaí, chun déileáil go héifeachtach lena suíomh uathúil, leis na rataí fáis daonra is airde agus rochtain easca go agus ón Eoraip agus na SA trí na príomh chalafoirt fharraige agus aeir.

2. Ba chóir go mbeadh sonraí bailithe agus anailís déanta orthu ag leibhéil áitiúla agus réigiúnacha i mBaile Átha Cliath chun mion-mhonatóireacht a dhéanamh ar gach gné den chlár rialaithe drugaí laistigh den Straitéis Náisiúnta Drugaí a éascú.

3. Ba chóir go mbeadh an leibhéal comhordaithe idir gníomhaireachtaí agus earnálacha, ag leibhéil áitiúla agus réigiúnacha i mBaile Átha Cliath, athneartaithe a thuilleadh leis na n-acmhainní riachtanacha á chur ar fáil chun rannpháirtíocht iomlán a spreagadh.

4. Ba chóir go n-ardóidh an Straitéis Náisiúnta Drugaí a thacaíocht do na Tascfhórsaí Drugaí Áitiúla i réigiún Bhaile Átha Cliath le aird ar leith á thabhairt do na Tascfhórsaí sin atá ag feidhmiú i gceantair atá ag fulaingt ó dhíobháil sóisialta agus eacnamaíoch agus imeallú ar scála mór.

5. Ba chóir go mbeadh cóireáil chónaitheach dhrugaí, cóireáil Metadóin, clár malairte snáthaide agus seirbhísí iar-chúraim mar atá ann anois forbartha laistigh de réigiún Bhaile Átha Cliath.

6. Ba chóir go mbeadh áiseanna tacaíochta do iar-úsáideoirí dhrugaí forbartha.

7. Ba chóir go mbeadh an leathnú agus an fhorbairt de bhearta nua agus nuálacha atá dírithe ar chabhair a thabhairt d'úsáideoirí drugaí agus iar-úsáideoirí drugaí glactha gan mhoill.

8. Ba chóir go mbeadh cláir oideachais drugaí cruthaithe agus dírithe ar pháistí scoile i mbunscoileanna agus meánscoileanna.

9. Ba chóir go mbeadh cláir oideachais cruthaithe chun drogall a chur ar thrialacha drugaí, dírithe go háirithe ar dhéagóirí agus daoine a fhágann an scoil go luath.

10. Ba chóir go ndéileálfadh an Straitéis Náisiúnta Drugaí go háirithe leis an bhforáil d'áiseanna caithimh aimsire ar leith do dhaoine óga agus ba chóir go leagfadh sé amach –
    (1) na foinsí agus na méideanna maoinithe atá ar fáil faoi láthair do phobail áitiúla do na háiseanna seo agus
    (2) moltaí a dhéanamh do mhaoiniú le bheith soláthartha ón Státchiste d'áiseanna dá leithéid.

11. Ba chóir go mbeadh áiseanna iompair phoiblí sásúla soláthartha laistigh de réigiún Bhaile Átha Cliath ag buaic amanna sainiúla (is é sin, tar éis amanna dúnta tithe tábhairne/clubanna) lena chinntiú go mbeidh daoine ábalta dul abhaile go tapa agus go sábháilte. Ba chóir go ndéileálfadh an Straitéis Náisiúnta Drugaí leis an gceist seo agus moltaí a dhéanamh don Roinn Iompair maidir le seo.

12. Ba chóir go ndéileálfadh an Straitéis Náisiúnta Drugaí leis an ngá do níos mó seirbhísí póilínithe ar an dtalamh chun sábháilteacht phoiblí a athneartú agus ba chóir go ndéanfadh sé moltaí don Roinn Dlí maidir le seo.

13. Tá gá ann d'athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár cóireála meatadóin mar tá a lán daoine óga ag buaileadh le deacrachtaí de bharr easpa cóireála meatadóin.

14. Tá gá do níos mó leapacha cónaitheacha le bheith soláthartha i réigiún Bhaile Átha Cliath.

15. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an nós de bhusanna cóireála meatadóin ag teacht isteach i lár phobal. Tá an nós seo ag cruthú deacrachtaí sa phobal agus tá sé dímheasúil dóibh siúd atá ag úsáid an chláir.

16. Ba chóir go mbeadh an Plean Forbartha Náisiúnta do Obair-Óige curtha i bhfeidhm.

17. Ba chóir go mbeadh áiseanna tacaíochta soláthartha do mhuintir agus chleithiúnaithe d'úsáideoirí drugaí.

18. Ba chóir sonraí a bhailiú ar éifeachtach an chláir mheatadóin.

19. Ba chóir go ndéileálfaí leis an gceangal idir an riachtanas tithíochta agus an andúil, go háirithe le haird a thabhairt do na daoine atá gan dídean.

20. Tá gá do Ghrúpa Oibre Éigeandála Speisialta a bheith bunaithe chun féachaint ar fhadhb na húsáide cóicín, atá aitheanta mar a bheith ag méadú

21. Ba chóir go mbeadh béim níos mó curtha ar chosc agus leigheas.

Teicneolaíocht faisnéise agus cumarrsáide i réigiún Bhaile Átha Cliath

Is iad na Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) an bonneagar den gheilleagar nua atá bunaithe ar fhaisnéis a athraíonn an tslí ina bhfuil táirgí cruthaithe agus seirbhísí seachadta agus rochtain faighte orthu. Tá impleachtaí móra ag cáilíocht agus úsáid an bhonneagair TFC do na leibhéil ghníomhaíochta eacnamaíoch, fostaíochta agus an t-eagrú ginearálta de Réigiún.

Ó rinneadh fairsingiú ar an margadh teileachumarsáide i 1998 ar fud an AE, sainíonn polasaí ar an bhforáil de theicneolaíocht faisnéise gur chóir go mbeadh bonneagar teicniúil soláthartha ag oibreoirí príobháideacha agus gur chóir go mbeadh ról an Stáit dírithe ar shainmhíniú a dhéanamh ar an margadh maidir le praghsáil agus ceadúnú tríd an gcreat oibre rialála. Is féidir le Stáit idirghabháil a dhéanamh, áfach, in áiteanna a bhfeictear nach bhfuil an margadh ag soláthar na teicneolaíochta atá riachtanach do fhorbairt.

In Éirinn, tá cinneadh déanta ag an Rialtas go bhfuil teip ann ag an earnáil phríobháideach chun an snáithín atá riachtanach in a lán codanna de na Réigiúin, lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, a sholáthar agus dá bharr tá siad ag soláthar €140 milliún do líonraí snáithín i 80 baile ar fud na tíre. Tá na líonraí áitiúla seo maoinithe i slite éagsúla mar fhreagra ar éileamh áitiúil – m.sh. páirtíochtaí idir údarás áitiúil agus Rialtas agus páirtíochtaí poiblí/príobháideacha.

I Réigiún Bhaile Átha Cliath, an t-aon mhaoiniú do líonraí áitiúla ná an maoiniú a soláthraíodh don líonra snáithín Digital Hub agus a cheangal le Líonra Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Ní réaltacht socraithe é bonneagar TFC a sholáthar ach is ceann d'athrú leantach é trí na forbairtí leanúnacha atá ar súil sna teicneolaíochtaí, seirbhísí, rialacháin agus praghsanna. Is ceist bainteach é cáilíocht an bhonneagair freisin mar tá gach Ceantar san AE ag díriú ar a mbonneagar a fheabhsú mar shlí chun fostaíocht a ghiniúint agus caighdeán maireachtála a fheabhsú dá shaoránaigh.

D'ullmhaigh Údarás Reigiúnda Átha Cliath tuarascáil i Nollag 2004 a thugann forbhreathnú ar bhonneagar na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus a húsáid i Réigiún Bhaile Átha Cliath. Míníonn an Tuarascáil bonneagar na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide; tarraingíonn sé comparáidí AE agus Idirnáisiúnta; pléann sé an gá do líonraí nua nó modh cumarsáide idir na soláthraithe teicneolaíochta agus an Rialaitheoir/Rialtas; agus déanann sé moltaí do thionscnaimh don todhchaí gur chóir don Rialtas Lárnach agus/nó gníomhaireachtaí eile a thógáil ar láimh chun iomaíocht eacnamaíoch a chinntiú sa todhchaí i réigiún Bhaile Átha Cliath.

Tá sé ar intinn ag Údarás Réigiúnda Átha Cliath go gcuirfidh an tuarascáil seo, a bheidh dáilte go forleathan do Ranna Rialtais Lárnacha, an Rialaitheoir Cumarsáide agus gach gníomhaireacht/údarás laistigh den réigiún, leis an bhforbairt de Réigiún Bhaile Átha Cliath mar gheilleagar domhanda ceannaireachta atá bunaithe ar eolas, atá ábalta dul in iomaíocht leis an gcuid is fearr san AE agus go hidirnáisiúnta.

Is féidir cóipeanna den cháipéis TFC a fháil trí dul i dteagmháil le hÚdarás Réigiúnda Átha Cliath, nó trí logáil isteach ar an suíomh gréasáin (www.dra.ie).

Dearbhú Comhaontaithe Bhaile Átha Cliath-Merseyside

Ar feadh i bhfad bhí Merseyside mar chroílár imirce Éireannach go dtí an RA le a lán teaghlaigh i Learpholl inniu a bheith de shliocht Éireannach. Mar sin, tá oidhreacht chomónta ag Baile Átha Cliath agus Merseyside, atá ceangailte ag stair agus cultúr comhroinnte agus grá do spóirt agus na healaíona, agus is amhlaidh go bhfuil Baile Átha Cliath agus Learpholl mar chathracha cúplacha leis na blianta fada anuas.

Is ar mhaithe leis seo agus do chúiseanna ábhartha eile gur cheap Údarás Réigiúnda Átha Cliath ina dhíospóireachtaí ar Pholasaí Reigúnda AE tar éis 2006 go raibh sé ionúch don dá réigiún teacht le chéile chun deiseanna nua do chomhoibriú agus chomhghníomh a chruthú. Mar sin, i rith 2004 thosaigh an tÚdarás sraith chruinnithe le réigiún Merseyside a chríochnaigh san ullmhú de dhearbhú inar gheall Údarás Réigiúnda Átha Cliath agus Údaráis Áitiúla Merseyside, lena gcomhpháirtithe, oibriú le chéile agus chun seachadadh ar an bpoitéinseal atá ann do chomhoibriú a bheadh tairbheach don dá thaobh sa todhchaí.

Is é atá curtha i láthair sa cháipéis dearbhaithe ghearr seo ná Dearbhú rúin ag an dá réigiún chun na caidrimh agus na naisc reatha a neartú trí, cheantair chomh-shuime tosaíochta agus chomhgnímh a leagadh amach ar dtús agus sa dara áit, trí chláir thacaíochta ábhartha a aithint, i dtreo is go mbeidh an dá réigiún in ann gníomhartha treoracha a bhunú, comhréitigh chomónta chuí a aithint agus meicníocht a sholáthar don dá réigiún agus dá suimeanna chun clár cuimsitheach comhoibrithe a chur i bhfeidhm.

Iarann an Dearbhú, a síníodh i Nollag 2004, ar Rialtas na hÉireann agus ar Rialtas Shasana araon an poitéinseal seo a aithint agus chun tacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí an dá réigiún chun a naisc a dhianú agus chun deiseanna nua do chomhoibriú idir an dá oileán agus a mhuintir a chruthú. Ceapann Údarás Réigiúnda Átha Cliath gur féidir leis na cláir atá leagtha amach faoin bPolasaí Réigiúnach AE nua molta, na réigiúin a sholáthar le deiseanna dá leithéid agus sa mhéid seo tá an dá réigiún sásta oibriú go dlúth le gach leas lena chinntiú go mbainfidh siad leas as an mbreis-luach a thugann gníomhaíochtaí comhaontaithe.

Tionscadal (S2S) Cill Fhionntain go Cuas an GhAinimh (S2S)

Is comh-thionscadal é an Tionscadal Cill Fhionntain go Cuas an Ghainimh le Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Údarás Forbartha Cheantar Dugaí Átha Cliath agus Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath, ag obair faoi choimirce Údarás Réigiúnda Átha Cliath, arb é a fhís ná cosán agus cosán rothaíochta leanúnach timpeall 22 ciliméadar ar fhad, timpeall Bá Bhaile Átha Cliath ó Chill Fionntain go Cuas an Ghainimh ag ceangal bealaí rothaíochta agus siúlóide atá ann agus atá molta.

Soláthróidh an tionscadal críochnaithe áis chaithimh aimsire agus fhóillíochta mhór atá easca teacht ar do gach aoisghrúpa leis an bpoitéinseal le bheith mar tharraingt turasóireachta suntasach laistigh de Réigiún Bhaile Átha Cliath, go háirithe toisc go bhfuil radhairc thar cuimse ar Bhá Bhaile Átha Cliath agus, agus nuair a bheidh sé críochnaithe bheadh sé mar an bpromanáid is faide san Eoraip.

Go luath i 2004 d'iarr Údarás Réigiúnda Átha Cliath ar fhorthairiscintí a bheith curtha isteach chun **Réamh-Staidéir Dearaidh agus Comhshaoil do S2S** a dhéanamh. Bronnadh an staidéar ar fhoireann dearaidh straitéiseach curtha le chéile ag WSP, AWN, Tíros Resources agus Ryan Hanley Consulting Engineers. Tá WSP freagrach as na gnéithe Pleanála agus Innealtóireachta Iompair den bhealach chomh maith leis an mbainistíocht foriomlán den tionscadal. Tá an phleanáil uirbeach agus scileanna dearaidh tírdhreacha atá riachtanach chun an treoir a bhaint amach á chur ar fáil ag Tíros Resources, agus tá AWN ag déanamh na Tuarascála Comhshaoil agus measúnuithe Seandálaíochta. Tá Ryan Hanley Consulting Engineers ag cur a gcuid saineolais ar fáil chun costas a chur ar an innealtóireacht agus na moltaí struchtúracha.

Tá tuarascáil dréachta á scrúdú faoi láthair ag na húdaráis ábhartha agus beidh sé críochnaithe go luath i 2005.

Oifig Réigiún na hÉireann

Bunaíodh Oifig Réigiún na hÉireann (ORÉ) i mBealtaine 2000 mar acmhainn bunaithe sa Bhruiséil do bhaill Éireannacha de Choiste AE na Réigiún (CnR) agus a n-údaráis réigiúnacha. Lean na gníomhaíochtaí agus aschur den ORÉ ag leathnú ó bunaíodh é agus i 2003 d'aontaigh na hÚdaráis Réigiúnacha, na Comhthionóil Réigiúnacha agus a mBainisteoirí Cathrach/Contae ceaptha go gcuirfí oifigeach breise san ORÉ chun:

(a) cur le seirbhís eolais an AE do na réigiúin Éireannacha agus a n-údaráis chomhdhamhna áitiúla;
(b) an deis do na húdaráis seo a bheith páirteach i ndíospóireachtaí polasaithe AE agus feidhmiú tionscadail a mhéadú;
(c) próifíl na n-údarás fo-náisúnta Éireannacha i dtimpeallacht an Bhruiséil a fheabhsú.

Fuair an moladh seo cead na Ranna Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, a thacaigh bunú an ORÉ.

Tarraingíodh suas 'Clár Gníomhaíochta 2004' i gcomhar le stiúrthóirí réigiúnacha ceaptha agus ghlac Cumann Réigiún na hÉireann leis i Samhain 2003. Tosaíodh modh earcaíochta oscailte don oifigeach breise in Iúil 2003 agus thosaigh an t-iarrthóir rathúil, an tUasal Éamon O'HARA a fhostaíocht ar 1 Nollaig, 2003.

Oifig Réigiún na hÉireann – Tuilleadh Eolais

Is féidir sonraí de ghníomhaíochtaí an ORÉ i rith 2004 a fháil ó Oifig Réigiún na hÉireann, Rond-Point Schuman 6, B-1040, An Bhruiséil. Guthán: 32-2-2828474; Facs: 32-2-2828475; nó R-phost: robert.collins@iro.ie nó trí logáil isteach ar www.iro.ie

Dréacht Bunreacht an AE

Rinne Údarás Réigiúnda Átha Cliath díospóireacht ar dhréacht Bunreacht an AE ag a chruinniú i Meán Fómhair, 2004 agus d'aontaigh sé chun cabhrú leis an bhfoilsiú dá ábhair ag tarraingt ar an Reifreann.

Cúlra

Tá an AE rialaithe faoi láthair ag roinnt chonarthaí atá athcheartaithe cúpla uair i rith a stair 50-bliain. Ba iad na trí Chonradh bunaidh ag cruthú na gComhphobal Eorpach ná an Conradh a bhunaigh Comhphobal Eorpach do Ghuail agus Chruach (1951), an Conradh a bhunaigh an Comhphobal Eorpach (1957) agus an Conradh a bhunaigh an Comhphobal do Fhuinneamh Adamhach (1957). Is é Conradh Masstricht (1992) an ceathrú conradh bunaithe, a bhunaigh an tAontas Eorpach.

Tá na conarthaí bunaithe leasaithe ag an gConradh Merger (1965), an Ionstraim Eorpach Aonair (1986), Conradh Amstardam (1997) agus Conrach Nice (2001), atá i bhfeidhm ó 1 Feabhra 2003. Leanann na Conarthaí Aontachais atá sínithe ag Ballstáit nua go leasuithe conartha.

Is téacs singil é an "Treaty establishing a Constitution for Europe" (Conradh Bunreachtúil) an d'athchuirfeadh na Conarthaí go léir eile atá ann anois agus a thabharfadh pearsantacht dhleathach aonair don Aontas Eorpach faoi dhlí teaghlaigh agus idirnáisiúnta.

An Conradh Bunreachtúil Nua

Is iad na cuspóirí foriomlána atá faoi iamh sa Bhunreacht nua ná:

1. chun trédhearcacht agus éifeachtacht an AE a fheabhsú agus chun é a sholáthar leis an solúbthacht riachtanach chun forbairt i dtreoracha nua ardaidhmeannacha;
2. chun chur síos a dhéanamh ar luachanna, cuspóirí agus inniúlachtaí an AE ;
3. chun conarthaí bunúsacha an AE a chomhcheangail i dtéacs aonair;
4. chun tionchar Pharlaimint na hEorpa a mhéadú; agus
5. an post d'aire eachtrach AE a chruthú d'fhonn luamhánacht an AE a mhéadú go hidirnáisiúnta.

Molann an téacs roinnt athruithe don chreat oibre institiúideach reatha den AE agus dá phróisis reachtacha agus déanaimh-cinneadh.

Pointí tábhachta ar leith d'Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha

Tá fáilte curtha roimh an mBunreacht nua ag comhlachais Eorpacha d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha mar "céim mór chun tosaigh ag tógáil Eoraip aontaithe láidir a aithníonn ról na bhfairchí áitiúla agus réigiúnacha den rialtas mar is cuí." Tá na pointí a bhfuil tábhacht sainiúil acu do rialtas áitiúil agus réigiúnach seo a leanas san áireamh sa Bhunreacht:

- Tagraíonn airteagal I-5 go sainráite don aitheantas de fhéin-rialtas réigiúnach agus áitiúil mar chuid de ionannais náisiúnta na mBallstát
- Leathnaíonn airteagal I-9 an coincheap de Fhorialtas chun na leibhéil réigiúnacha agus áitiúla a chur san aireamh (is é sin, gur chóir don Aontas feidhmiú ach amháin nuair nach féidir cuspóir an ghnímh a bheith bainte amach ag na Ballstáit ag leibhéal lárnach, réigiúnach nó áitiúil). Cinntíonn airteagal I-45 freisin go gcaithfidh cinntí a bheith tógtha chomh chóngarach agus is féidir don shaoránach.
- Iarann airteagal I-46 agus Prótacal nua ar Choimhdeacht comhairliú éifeachtach ag an gCoimisiún le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha ar fhorálacha dleathacha nua, go háirithe ar a thrácht áitiúil agus réigiúnach.
- Iarann an Prótacal ar Choimhdeacht freisin go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú ar agus go dtabharfar aird ar thionchar airgeadais agus riaracháin na reachtaíochta nua molta ar rialtais áitiúla agus réigiúnacha.
- Tá an prionsabal de Chomhtháthú Teorainn aitheanta i measc na gcomh-inniúlachtaí den Aontas, ag ligean do riachtanais na réigiún agus cheantair dhíthe na hEorpa a bheith pléite níos fearr sa todhchaí.
- Tá maolaithe cúnaimh Stáit Speisialta do réigiúin fhorimeallacha le bheith athneartaithe trí shuimiú do Airteagal III- 56.3a. Tabharfar aird faoi leith ar chúnamh Stáit do cheantair tuaithe, réigiúin i meath tionsclaíochta, réigiúin Oirthearacha le daonra tearc, ceantair inseacha, teorainneacha agus sléibhe (Airteagal III-116).

Dréacht Bunreacht an AE

- Tugann airteagal III-270 an ceart do Choiste na Réigiún chun imeachtaí a ordú roimh an gCúirt Bhreithiúnais chun a shainchumais a chosaint.
- Forálann an Bunreacht don leathnú den téarma oifige de Choiste na Réigiún go 5 bliain, rud a d'fhéadfadh a bheith co-terminus le téarmaí na Parlaiminte agus an Choimisiúin i gceann na haimsire

Go ginearálta tugann an Bunreacht nua breis aitheantais don bhuntomhas réigiúnach agus áitiúil laistigh de ailtireacht nua an Aontais agus soláthraíonn sé bonn d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha chun ról feabhsaithe a bheith acu i bpróiseas déanamh polasaí an AE. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an ngá le dul i gcomhairle le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla ag an gcéim réamh-reachtach de fhorbairt polasaí. Caithfear fanacht, áfach, lena fheiceáil conas a chuirfear é seo i fheidhm i gcleachtadh.

NA CÉAD CHÉIMEANNA EILE

1. Rachaidh an Conradh Bunreachtúil, a síníodh sa Róimh ar 29ú Deireadh Fómhair, 2004, faoi Uachtaránacht Ollannach an AE, faoi athbhreithniú dleathach anois agus ina dhiaidh sin aistreofar é isteach i ngach teanga oifigiúil den AE.

2. Tar éis a shíniú, tá dhá bhliain ag na Ballstáit anois chun an Conradh a dhaingniú. Tá sé dóchúil go mbeidh an próiseas daingnithe difriúil ó Bhallstát go Ballstát le cuid acu i bhfabhar daonlathas díreach (trí reifrinn coitianta) agus cuid eile i bhfabhar daonlathas parlaiminteach. Tá sé curtha in iúl ag roinnt tíortha go dtionólfaidh siad reifreann ar an mBunreacht. San áireamh tá: An Danmhairg, Éire, An RA, An Pholainn, An Spáinn, An Fhrainc agus an Phortaingéil. D'fhéadfadh Lucsamburg, An Bheilg, an Ísiltír agus tíortha eile an bealach seo a roghnú chomh maith.

3. Déanfaidh Comhairle na hEorpa athbhreithniú ar an suíomh, áfach, dhá bhliain ina dhiaidh a shíniú mura bhfuil ach ceithre-cúigiú de na Ballstáit tar éis an Conradh a dhaingniú. Beidh aontú d'aon toil na mBallstát riachtanach i gcóir aon mhionathruithe don Chonradh Bunreachtúil sa todhchaí.

4. Ina dhiaidh daingniú ní tiocfaidh gach aon cheann de na forálacha sa Chonradh Bunreachtúil i bhfeidhm láithreach. Mar a thaispeántar thuas, feidhmeoidh an sainmhíniú nua de thromlach cáilithe ó 1 Samhain 2009, tá an dáileadh nua de shuíocháin i bParlaimint na hEorpa le teacht i bhfeidhm don chéad téarma parlaiminteach eile (2009), agus ní tiocfaidh an córas uainíochta don Choimisiún i bhfeidhm go dtí 2014.

Toscaireacht Éireannach de ChoistE na Réigiún

Is é Údarás Réigiúnda Átha Cliath (DRA) an rúnaíocht ceaptha don Toscaireacht Éireannach de Choiste na Réigiún (CnR) le Stiúrthóir DRA Patricia Potter, Uasal, mar Rúnaí don Toscaireacht.

Is é Coiste na Réigiún ná an comhlacht AE bunaithe i 1994 chun seasamh do dhearcaidh na n-údarás áitiúil agus réigiúnach sa phróiseas foirmithe polasaí agus déanamh-cinnidh an AE. Is é obair phríomha an Choiste ná seasamh do dhearcaidh an leibhéil áitiúil agus réigiúnaigh do na hinstitiúidí AE eile thar raon leathan de shaincheisteanna polasaí.

Tá an Toscaireacht Éireannach déanta suas de naoi mball tofa atá ainmnithe do théarma ceithre bliana ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ag breathnú ar chúinsí geografacha, inscne agus polaitiúla. Tá na naoi mball "iomlán" cúl-tacaithe ag naoi mball 'malartacha', tá gach ceann de na hocht n-údarás réigiúnach Éireannach ionadaithe sa Toscaireacht. Seo a leanas cuid de bhuaic-phointí na Toscaireachta Éireannaigh i rith na bliana.

Rannpháirtíocht i gClár Uachtaránachta na hÉireann

Mar chuid de Chlár Uachtaránachta na hÉireann sa chéad leath de 2004, tionóladh roinnt imeachtaí ard-phróifíle de Choiste na Réigiún in Éirinn.

Cruinniú an Bhiúró CnR agus Choimisiúin CONST i mBaile Átha Cliath

Thionóil an Biúró feidhmitheach den CnR i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar 19ú Márta. Thionóil an coimisiún um Ghnóthaí Bunreachtúla (CONST) freisin i mBaile Átha Cliath i gcomhar leis an mBiúró Faisnéise agus bhí sraith d'imeachtaí sóisialta eagraithe timpeall ar na cruinnithe CnR.

Labhair an tAire Stáit, Pat the Cope Gallagher T.D. agus Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath, Comhairleoir, ag na cruinnithe. Royston Brady, a bhí ag an am ina bhall den Bhiúró. Moladh an Toscaireacht Éireannach go huilíoch don éifeachtacht agus don fhéile a bhí taispeánta in eagraíocht an chláir imeachtaí.

Coimisiún agus Seimineár EDUC i gCill Airne

Bhí cruinniú faoi chathaoirleacht an Chomhairleora Annette McNamara (Comhairle Chontae Chorcaí agus Údarás Réigiúnach an Iar-Dheiscirt) ag an gcoiste Oideachais agus Cultúir den CnR (a bhfuil tarchur aige do Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide) i gCill Airne in Aibreán. Mar leanúint ar sin, bhí comhdháil ard-phróifíle freisin ag Údarás Réigiúnach an Iar-Dheiscirt Ag Seachadadh Leathanbhanda go Cheantair Tuaithe agus Imeallacha chun torthaí a thionscadal a chraobhscaoileadh le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa.

Comhairle na nAirí Polasaí Réigiúnacha i bPort Laoise

Bhí an Toscaireacht Éireannach gníomhach ag lorg cruinnithe de na n-áirí Polasaí Réigiúnacha AE in Éirinn faoi Uachtaránacht na hÉireann, imeacht nach raibh ar an bhféilire Uachtaránachta bunúsach, nuair a bhí todhchaí an pholasaí réigiúnach AE á phleanáil agus á phlé. Tionóladh an cruinniú i bPort Laoise in Aibreán faoi chathaoirleacht an Aire Stáit Tom Parlon T.D. agus ba é an chéad seans do mhalartú ina dhiaidh foilsiú an 3ú tuarascáil Comhtháthaithe. Chuala cruinniú na Comhairle ó Choimisinéir Michel Barnier agus Peter Straub Uachtarán an CnR. Bhuail Coimisinéir Barnier le baill an Chomhthionóil Réigiúnaigh le baill den CnR Éireannach ag glacadh páirt chomh maith.

Tar éis cruinniú na Comhairle, d'fhan an Toscaireacht Éireannach den CnR gníomhach ag spreagadh díospóireachta agus ag seasamh do dhearcaidh na réigiún Éireannach sa dhíospóireacht ar an gceist fíor-thábhachtach seo.

Toscaireacht Éireannach de ChoistE na Réigiún

Forleathnú an AE i mBealtaine

Tar éis fhorleathnaithe an AE go dtí 25 Ballstát ar 1 Bhealtaine d'fhás an CnR go dtí 317 ball iomlán (ó 222). Mhéadódh an suimiú sílte den Bhulgáir agus den Rómáin i 2007 ballraíocht an CnR go 344 agus tá iarratas déanta ag tíortha eile (an Chróit agus an Tuirc) ar bhallraíocht AE chomh maith.

Le hinniúlacht AE agus gníomhaíocht rialála méadaithe agus le forleathnú ag taispeáint Éire agus a réigiúin measartha níos saibhre, tá gá níos mó lena chinntiú go bhfuil dearcaidh na n-údarás áitiúil agus réigiúnach Éireannach ionadaithe agus aitheanta. Le ballraíocht CnR agus iomaíocht do bheith mar thuarascálaithe agus thionchar méadaithe, leanann an dúshlán in aghaidh na mball Éireannach ag fás.

Tionchar na dToghcháin Áitiúla ar Thoscaireacht na hÉireann

Tar éis na dtoghchán áitiúil i Meitheamh, níor choimeád cúig bhall a shainordú údaráis áitiúil agus dá bhrí sin chuaigh a mballraíocht den CnR i léig go huathoibríoch.

Gabhadh buíochas le baill iomlána Royston Brady (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath) agus Annette McNamara (Comhairle Chontae Chorcaí) agus baill malartacha Angela Lupton (Comhairle Chontae na Gaillimhe), Vivian O' Callaghan (Comhairle Chontae Chorcaí) agus P.J. Coghill (Comhairle Chontae na hIarmhí) ar son a seirbhís agus a rannaíocht do CnR agus do Thoscaireacht na hÉireann.

Tá roinnt athruithe foirne feicthe ag an tríú sainordú seo de Choiste na Réigiún (CnR) ó 2002-2006 laistigh de Thoscaireacht na hÉireann. Chonaic athruithe níos luaithe
Comhairleoir Michael Fitzgerald (Comhairle Chontae Thiobraid Árainn Theas agus Údarás Réigiúnach an Oir-Dheiscirt) in ionad Seanadóir Maurice Cummins, Comhairleoir Declan McDonnell (Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Údarás Réigiúnach an Iarthair) in ionad Mae Sexton T.D. agus Comhairleoir Josie Conneely (Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Údarás Réigiúnach an Iarthair) in ionad Seán O' Neachtain BPE.

Bunreacht Nua an AE

Faoi uachtaránacht na hÉireann, glacadh an Conradh Bunreachtúil AE nua ag Comhairle na hEorpa i Meitheamh agus shínigh na Ceannairí Stáit é níos déanaí i nDeireadh Fómhair. Tharla seo tar éis díospóireachtaí fairsinge san IGC agus níos luaithe ag an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa. Tá roinnt aighneachtaí déanta ag Toscaireacht na hÉireann CnR don Chomhdháil agus do rannpháirtithe IGC.

Forálann an Bunreacht nua do roinnt dul chun cinn ag forleathnú ról na n-údarás áitiúil agus réigiúnach san AE. Is céim ar aghaidh é an Prótacal ar Choimhdeacht agus Chomhréireacht i leith na riachtanais a aithint agus páirteachas ag leibhéil náisiúnta chomh maith le leibhéil réigiúnacha agus áitiúla a chinntiú i monatóireacht a dhéanamh ar reachtaíocht AE.

Thabharfadh an Bunreacht cumhachtaí nua don CnR chomh maith chun imeachtaí a thabhairt go dtí an Chúirt Bhreithiúnais áit inar féidir prionsabal na coimhdeachta a bheith sáraithe laistigh dá cheantair inniúlachta. Molann sé athruithe do théarma an tsainordaithe CnR agus ar conas ar chóir ballraíocht a bheith comhdhéanta. Caithfear glacadh leis an mBunreacht i ngach Ballstát sula bhféidir leis teacht i bhfeidhm.

In Éirinn, lean an díospóireacht ar Thodhchaí na hEorpa a bheith faoi scáth ag an bhFóram Náisiúnta um an Eoraip. I 2004, bhí Kofi Annan, Javier Solana agus Giuliano Amato san áireamh sna cainteoirí ard-phróifíle ag an bhFóram. Bíonn Toscaireacht CnR na hÉireann rannpháirteach ag an bhFóram ag seasamh do dhearcadh an Údaráis réigiúnaigh agus áitiúil.

Tuarascálaithe Éireannacha i 2004

Léiríonn baill Éireannacha a n-imní réigiúnach chomh maith le náisiúnta ar raon de shaincheisteanna a d'fhéadfadh chur isteach ar Éire agus a réigiúin sna díospóireachtaí agus trí leasuithe ag céimeanna Coiste CnR agus céimeanna Iomlánacha.

Chomh maith leis sin, roghnaíodh trí bhall Éireannacha mar thuarascálaithe do thuairimí CnR ghlactha i 2004: Clár Gníomhaíochta Sábháilteachta Bóithre na hEorpa (Comhairleoir Royston Brady); Príomhchathair Chultúrtha na hEorpa (Comhairleoir Annette McNamara); agus Impleachtaí de Pholasaí Réigiúnach an AE d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha sa Bhulgáir (Comhairleoir Seamus Murray).

10ú Lá cinn bliana an CnR

Ag seisiún iomlánach na Samhna rinne an CnR ceiliúradh ar a 10ú lá cinn bliana. Sa chlár ceiliúradh bhí cainteanna ó iar-Uachtarán an Choimisiúin, An tUasal Jacques Delors leis an láithreacht de gach Uachtarán den CnR ó bunaíodh é. Eilimint amháin den cheiliúradh cinn bliana ab ea Díospóireacht Óige ag cur i láthair ionadaithe óige chomh maith le polaiteoirí óga áitiúla agus réigiúnacha tofa ar fud an AE.

Ceanncheathrúna Nua CnR

In Iúil, d'oscail an CnR a cheanncheathrúna nua ag 101 Rue Belliard. Bhí an foirgneamh i gcroílár an cheathrú AE a bhí i seilbh Pharlaimint na hEorpa tráth. Roinnfidh an CnR an foirgneamh leis an gcomhlacht comhairleach AE eile, an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta (EESC). Bhí an t-aistriú riachtanach de bharr éilimh forleathnaithe agus soláthraíonn sé áiseanna cruinnithe agus spásanna oibre níos fearr do bhaill. Tá súil ag an CnR go mbeidh an foirgneamh mar phointe fócasach agus phointe cruinnithe do réigiúin trasna na hEorpa agus dá n-oifigí réigiúnacha bunaithe sa Bhruiséil.

Tuilleadh Eolais

Is féidir tuilleadh eolais ar obair an CnR agus ar Thoscaireacht na hÉireann a fháil trí dul i dteagmháil le Údarás Réigiúnda Átha Cliath nó trí chuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin an CnR ag www.cor.eu.int

RéAmhrá Ar Údarás Réigúnda Átha Cliath

Is é ceann de na hOcht (8) nÚdarás Réigiúnda é Údarás Réigiúnda Átha Cliath a bunaíodh i 1994 faoin Acht Rialtais Áitiúil 1991 (Údaráis Réigiúnacha) Ordú Bunaíochta 1993.

Is iad príomh fheidhmeanna an Údaráis ná:

- Chun comhordú, comhoibriú agus comh-ghníomh i measc na seirbhísí poiblí agus na n-údarás áitiúil a chur chun cinn;
- Chun Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála a ullmhú (Acht P&F 2000)
- Chun athbhreithniú a dhéanamh ar na riachtanais fhoriomlána agus coinníollacha forbartha an réigiúin;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Phleananna Forbartha an údaráis áitiúil;
- Chun monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas agus dul chun cinn an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Cistí an AE.

Ballraíocht de Údarás Réigiúnda Átha Cliath

Tá Údarás Réigiúnda Átha Cliath déanta suas de Bhord de 29 ionadaí ceaptha ó na ceithre údaráis áitiúla ag feidhmiú laistigh den réigiúin.

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (14 ball)	**Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas (5 ball)**	**Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (5 ball)**	**Comhairle Contae Fhine Gall (5 ball)**
Cllr. Maurice Ahern (Fianna Fáil) Cllr. Tom Brabazon (Fianna Fáil) Cllr. Christy Burke (Sinn Féin) Cllr. Catherine Byrne (Fine Gael) Cllr. Eibhlin Byrne (Fianna Fáil) Cllr. Anne Carter (Labour) Cllr. Dessie Ellis (Sinn Féin) Cllr. Mary Freehill (Labour) Cllr. Dermot Lacey (Labour) Cllr. Vincent Jackson (Community) Cllr. Bronwen Maher (Green) Cllr. Wendy Hederman (Progressive Democrats) Cllr. Brian Gillen (Fine Gael) Cllr. Andrew O'Connell (Sinn Féin) Ex-Officio Member: Lord Mayor of Dublin City	Cllr. Márie Árdagh (Fianna Fáil) Cllr. Mark Daly (Sinn Féin) Cllr. Stanley Laing (Fine Gael) Cllr. Tony McDermott (Green) Cllr. Colm Tyndall (Progressive Democrats)	Cllr. Nessa Childers (Green) Cllr. Pat Hand (Fine Gael) Cllr. Gerry Horkan (Fianna Fáil) Cllr. Eugene Regan (Fine Gael) Cllr. Lettie McCarthy (Labour)	Cllr. Peggy Hamill (Labour) Cllr. May McKeon (Independent) Cllr. Michael O'Donovan (Labour) Cllr. Margaret Richardson (Fianna Fáil) Cllr. Leo Varadkar (Fine Gael)

Tá an Bord tacaithe agus cuidithe ag–

- Coiste Oibriúcháin, déanta suas de phríomh fheidhmeannaigh ó ghníomhaireachtaí seirbhíse poiblí agus
- Coiste Oibriúcháin déanta suas de ghníomhaireachtaí Stáit, údaráis áitiúla agus comhlachtaí poiblí chun gnóthaí AE a phlé.

Comhdhálacha ar a Freastalaíodh 2004

Bhí ionadaí ón Údarás Réigiúnda ag na Comhdhálacha/Seimineáir seo a leanas le linn 2004.

Teideal	Dáta 2004	Suíomh	Freastal
Kerry Environmental Conference	3-6ú Márta	Baile an Bhuinneánaigh, Co. Ciarraí	Cllrs. A. Creevey & D. Ellis
Carlow Tourism Ltd. Growing Tourism Together	26/27ú Feabhra	Co. Ceatharlach	Cllr. Tony Kelly
The Housing Unit – Annual Housing Practitioners	11/12ú Márta	Westport. Co. Mayo	Cllr. Mary Mooney
The Role of Broadband Technology	5/6ú Aibreán	Cill Airne, Co. Ciarraí	Cllr. Pat Hand
Local Government 1999 – 2004. How did we do?	7/8ú Bealtaine	Dún Garbhán, Co. Phort Láirge	Cllr. Tony Gregory
Muncipal Authorities of Ireland Conference	16-18ú Meán Fómhair	Lios Tuathail, Co. Ciarraí	Cllr. May McKeon
Merriman Summer School	21-28ú Lúnasa	Inis Díomáin, Co. an Chláir	Cllr. Mary Freehill
The Sunday Business Post – 2nd National Waste Summit	28/29ú Meán Fómhair	Páirc an Chrócaigh., Co. Bhaile Átha Cliath	Cllr. Tony McDermott
Association of Irish Regions – EU Cohesion Policy	15ú Deireadh Fómhair	Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo	Cllr. Stanley Laing
S&E Regional Assembly – 5th Annual Conference	28/29ú Deireadh Fómhair	An Uaimh, Co. na Mí	Cllr. Stanley Laing

Ráiteas Cuntais don Bhliain Airgeadais dar críoch 31ú Nollaig 2004

Caiteachas	2004 €	2003 €
Tuarastail	182,874.99	145,868.07
Trealamh Oifige	25,010.12	24,604.32
Táillí Poist & Gutháin	11,449.39	12,436.86
Liúntais Bhliantúla (Airt.34(1)	38,408.65	33,366.93
Liúntais Taistil & Mhaireachtála:		
I. Airteaga 34(2)(a)l	6,360.43	14,875.40
II. Airteagal 34(2)(b)	–	–
III. Foireann	8,712.56	11,012.45
Cíos agus Rátaí	–	–
Ilghnéithe	31,772.63	54,288.55
Toscaireacht Éireannach Choiste na Réigiún	232,337.48	205,295.76
Oifig Réigiún na hÉireann (ORÉ)	68,944.92	16,617.80
SRUNA (Tionscadal TERRA an AE)	119.79	80,788.47
Tionscadail AE	8,919.28	6,992.14
Tionscadal S2S	119,157.37	4,958.67
Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath	155,290.79	347,473.75
Caiteachas iomlán	**889,358.40**	**958,579.17**

Fáltais	2004 €	2003 €
Rannóocaíocht na n-Údarás Áitiúil	351,951.17	349,472.46
Rannóocaíocht Chomhlachtaí Poiblí	11,745.09	11,745.09
Rannóocaíocht Chomhthionóil Réigiúnach an Deiscirt & an Oirthir	45,335.82	–
Eile:	364,100.00	186,538.61
• RCORA (Coiste na Réigiún)	5,853.35	3,812.31
• Coiste na Réigiún – ilghnéitheach	9,171.81	25,026.25
• Ilghnéithe	59,446.30	22,786.40
• Oifig Réigiún na hÉireann	291,054.81	80,531.00
• Rannóocaíochtaí TRP	2,257.95	3,665.06
• Ilghnéithe TRP	140,000.00	5,985.13
• Rannóocaíocht S2S	4,645.10	–
• Ús Bainc (BnÉ)		
Fáltais iomlán	**1,285,561.40**	**689,682.08**
Barrachas	396,203.00	(-268,897.09)
Iarmhéid Tosaigh (Easnamh)	(-143,782.77)	125,114.32
Iarmhéid Deiridh ag deireadh na bliana (Barrachas)	**252,420.23**	**(-143,782.77)**